C/2023/1011

16.11.2023

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11348 - CONTEMPORARY AMPEREX TECHNOLOGY / ANEKA TAMBANG / FENI HALTIM / HPAL JOINT VENTURE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2023/1011)

1. An 7 Samhain 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Contemporary Amperex Technology Co. Limited, through HongKong CBL Limited (le chéile, 'Contemporary Amperex Technology', an tSín),

— PT Aneka Tambang Tbk ('Aneka Tambang', an Indinéis), faoi rialú Mining Industry Indonesia,

— PT Feni Haltim ('Feni Haltim', an Indinéis), agus

— HPAL JV (an Indinéis).

Gheobhaidh Contemporary Amperex Technology agus Aneka Tambang rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Feni Haltim agus HPAL JV.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcomhfhiontar atá ann cheana (Feni Haltim) agus trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í (HPAL JV).

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is monatóir ceallraí agus cuideachta teicneolaíochta é Contemporary Amperex Technology a dhéanann speisialtóireacht i monarú ceallra ian litiam le haghaidh feithiclí leictreacha agus córais stórála fuinnimh, mar aon le córais bainistithe ceallra, agus

— Tá Aneka Tambang gníomhach i mianadóireacht cineálacha éagsúla mianraí, agus i ngnó a dhéanamh in earnáil tionsclaíochta, trádála, iompair agus seirbhísí a bhaineann le mianadóireacht cineálacha éagsúla mianraí.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais Feni Haltim: Iompar, seirbhísí seolta agus léasú sócmhainní (e.g., trealamh trom, feithiclí, foirgnimh, talamh agus críochfoirt). Tar éis chur chun feidhme an chomhchruinnithe atá beartaithe, beidh Feni Haltim i) ag gníomhú ina chuideachta bruithneora san Indinéis; ii) gníomhach i dtáirgeadh agus díol fearóinicile, agus iii) páirteach i ngnó páirc tionsclaíche le haghaidh gníomhaíochtaí éagsúla, lena n-áirítear bruithneoirí.

Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an ngnóthas HPAL JV: Gléasra hidri-mhiotalóireachta a fhorbairt, a thógáil, a oibriú agus a chothabháil chun Deascán Hiodrocsaíde Measctha a tháirgeadh ina bhfuil cion nicile 35 % ar a laghad agus cion cóbailt 1,5 % ar a laghad ar bhonn ábhar tirim le haghaidh monarú ceallra ó cheann go ceann.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11348 - CONTEMPORARY AMPEREX TECHNOLOGY / ANEKA TAMBANG / FENI HALTIM / HPAL JOINT VENTURE

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË